# Rialacháin 2024 i leith an Achta um Chaingne Ionadaíochta chun Comhleasanna Tomhaltóirí a Chosaint, 2023 (Forálacha Ilghnéitheacha)

### FOIRM 1 - IARRATAS AR AINMNIÚ MAR EINTITEAS CÁILITHE

Iarrtar ar iarratasóirí gach Cuid den fhoirm seo a chomhlánú agus, mura luaitear a mhalairt, é sin a dhéanamh i gCEANNLITREACHA.

| **Cuid 1** | **Sonraí an Iarratasóra** | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm na hEagraíochta:** | | | |
| **Seoladh na hEagraíochta:** | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| **Éirchód/Postchód/Cód Poist/ (mar is cuí):** | | | |
| **Suíomh Gréasáin:** | | | |
| **Uimhir Theagmhála:** | | **Ríomhphost:** | |
| **Ainm an teagmhálaí:** | | | |
| **Ról an teagmhálaí:** | | | |

| **Cuid 2** | **Ceanglais Shonracha Eintitis Cháilithe** | |
|---|---|---|
| Ceist 1. Fianaise ar phearsantacht dhlítheanach:<br>(a) Iarratasóirí atá bunaithe in Éirinn, cuir ar fáil le do thoil:<br>Uimhir Oifige um Chlárú Cuideachtaí (CRN): | A1(a) | |

| | | |
|---|---|---|
| (b) Iarratasóirí atá bunaithe i mBallstát eile, cuir ar fáil le do thoil:<br>Fianaise Iomchuí ar phearsantacht dhlítheanach: | Freagra 1(b) | |

Ceist 2. Tabhair sonraí, le do thoil, maidir leis an gcineál gníomhaíochta poiblí a raibh d'eagraíocht rannpháirteach ann. Ní mór duit sonraí a sholáthar faoin gcaoi a ndeachaigh d'eagraíocht i ngleic le leasanna tomhaltóirí a chosaint thar na 12 mhí roimh an iarratas seo.

Féach na Treoirlínte ag deireadh na Foirme seo le haghaidh samplaí a d'fhéadfaí a sholáthar.

| | |
|---|---|
| Freagra 2. | |

Ceist 3. Tabhair sonraí le do thoil a léiríonn an chaoi a bhfuil leas dlisteanach ag príomhchuspóir na heagraíochta leasanna tomhaltóirí a chosaint dá bhforáiltear sa reachtaíocht reatha.

Féach na Treoirlínte ag deireadh na Foirme seo le haghaidh tuilleadh sonraí.

| | |
|---|---|
| Freagra 3. | |

Ceist 4. Cuir ar fáil le do thoil cóip dheimhnithe den Bhunreacht is déanaí de chuid na heagraíochta arna chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) chun a dheimhniú ar tréith neamhbhrabúis na heagraíochta.

Má tá an t-iarrthóir bunaithe i mBallstát eile, cuir ar fáil le do thoil cóip dheimhnithe den Bhunreacht cláraithe is déanaí de chuid na heagraíochta nó de dhoiciméad coibhéiseach.

Féach na Treoirlínte ag deireadh na Foirme seo le haghaidh tuilleadh sonraí.

Freagra 4. Deimhnigh le do thoil go bhfuil cóip dheimhnithe ceangailte le d'iarratas.

Ceist 5. Deimhnigh le do thoil nach bhfuil an eagraíocht gafa le himeachtaí dócmhainneachta agus nár dearbhaíodh go bhfuil sí dócmhainneach.

| | |
|---|---|
| Freagra 5. | |

Ceist 6. Deimhnigh le do thoil go bhfuil an méid seo a leanas fíor i gcás na heagraíochta:

a) go bhfuil sí neamhspleách,
b) nach bhfuil tionchar ag daoine seachas tomhaltóirí uirthi, agus
c) go bhfuil nósanna imeachta bunaithe chun tionchar den sórt sin a chosc agus chun coinbhleachtaí leasa a chosc idir í féin, a soláthraithe maoinithe agus leasanna na dtomhaltóirí.

Freagra 6. Cuir ráiteas ar fáil lena ndeimhnítear 6a), 6b) agus 6c) thuas.

Ceist 7. Deimhnigh le do thoil go gcuireann an eagraíocht na nithe seo a leanas ar fáil go poiblí i dteanga shimplí:

a) faisnéis, go háirithe faisnéis ar a suíomh gréasáin, a thaispeánann go gcomhlíonann na hábhair dá dtagraítear i ngach ceann de na hailt thuas san Fhoirm seo – Cuid 1, agus
b) faisnéis faoi fhoinsí a maoinithe go ginearálta, a struchtúr eagraíochtúil, bainistíochta agus ballraíochta, a cuspóir reachtúil (más ann dó) agus a gníomhaíochtaí.

Freagra 7. Féach na Treoirlínte ag deireadh na Foirme seo le haghaidh tuilleadh sonraí

| **Cuid 3** | **Síniú agus Dáta** |
|---|---|
| Síniú an teagmhálaí: | |

| | |
|---|---|
| Dáta: | |

Nóta:
Is féidir an fhoirm seo a chur ar fáil i bhformáid dhigiteach idirghníomhach agus a chomhlánú go leictreonach.

## Rialacháin 2024 i leith an Achta um Chaingne Ionadaíochta chun Comhleasanna Tomhaltóirí a Chosaint, 2023 (Forálacha Ilghnéitheacha)

## Treoirlínte maidir le Cuid 1 a chomhlánú - Iarratas ar Ainmniú mar Eintiteas Cáilithe

**Cuid 2: Ceanglais Shonracha Eintitis Cháilithe**

Ceist 1. Ní mór d'iarratasóirí fianaise ar phearsantacht dhlítheanach a sholáthar.

- Ní mór d'iarratasóirí atá bunaithe in Éirinn uimhir Oifige um Chlárú Cuideachtaí (CRN) a sholáthar.
- Ba chóir d'iarratasóirí atá bunaithe i mBallstát eile fianaise a sholáthar ar a bpearsantacht dhlítheanach arna bunú i gcomhréir le dlí náisiúnta na mBallstát ábhartha.

Ceist 2. I measc na samplaí de dhoiciméid tacaíochta ar an gcineál gníomhaíochta poiblí a bhí ar bun ag d'eagraíocht, chun leasanna tomhaltóirí a chosaint thar na 12 mhí roimh an iarratas seo a bheidh inghlactha, áirítear na nithe seo a leanas ach níl siad teoranta dóibh:

Naisc chuig ábhar an tsuímh ghréasáin, ábhar na meán sóisialta, rannchuidiú le comhairliúcháin phoiblí, cur i láthair ag comhdhálacha ábhartha, fógraí ar líne nó i gcóip chrua, ailt foilsithe--ar líne nó i meáin thraidisiúnta amhail nuachtáin, irisí, teilifís nó raidió--.

Ceist 3. Ceanglaítear ar iarratasóirí a leas dlisteanach i gcosaint leasanna tomhaltóirí a léiriú. Ciallaíonn achtú ábhartha:

- acht Eorpach nó foráil achta Eorpaigh a shonraítear in Iarscríbhinn i a ghabhann leis an Treoir
- Acht den Oireachtais a shonraítear i *gCuid 1* den *Sceideal* nó ionstraim faoi Acht den sórt sin den Oireachtas
- foráil d'Acht den Oireachtais a shonraítear i *gCuid 2* den *Sceideal*
- ionstraim reachtúil a shonraítear i *gCuid 3* den *Sceideal*
- foráil ionstraime reachtúla mar a shonraítear i *gCuid 4* den *Sceideal*

Ceist 4. Ní mór d'iarratasóirí cóip dheimhnithe dá mBunreacht is déanaí a chur faoi iamh.

- Ní mór d'iarratasóirí atá bunaithe in Éirinn cóip dheimhnithe dá mBunreacht is déanaí mar atá comhdaithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) a chur ar fáil chun tréith neamhbhrabúis na heagraíochta a chruthú.
- Ba cheart d'iarratasóirí atá bunaithe i mBallstát eile cóip dá mBunreacht is déanaí a chur ar fáil mar atá comhdaithe/cláraithe lena n-oifig clárúcháin náisiúnta ábhartha nó a coibhéis.

Ceist 5. Ní mór d'iarratasóirí a dheimhniú de réir mar a iarrtar.

Ceist 6. Ní mór d'iarratasóirí a dheimhniú de réir mar a iarrtar.

Ceist 7. Ní mór d'iarratasóirí a chur in iúl cá bhfuil an fhaisnéis seo curtha ar fáil go poiblí, mar shampla, le naisc chuig faisnéis ábhartha arna bhfoilsiú ar shuíomh gréasáin na hEagraíochta nó ar mhodhanna cuí eile.